Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

12468/24

LIMITE

CORLX 825
CFSP/PESC 1180
COAFR 286
CONUN 173
COARM 168
FIN 726

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine |

**CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí**
**lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2135[1].

(2) Beidh feidhm ag Cinneadh (CBES) 2023/2135 go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2024. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2025.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/2135 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine (IO L, 2023/2135, 11.10.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2023/2135/oj?locale=ga).

*Airteagal 1*

In Airteagal 9(1) de Chinneadh (CBES) 2023/2135, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2025'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC